AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2018
COM(2018) 156 final

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2017/010 BE/Caterpillar

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] (an 'Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú').
2. Tar éis iomarcaíochtaí[2] a theacht chun cinn in Caterpillar agus i gcúig cinn de sholáthraithe (dá ngairtear "iomarcaíochtaí" anseo feasta), chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2017/010 BE/Caterpillar le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED isteach an 18 Nollaig 2017.
3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, bhain an Coimisiún de chonclúid as, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme den Rialachán maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a dhámhachtain.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2017/010 BE/Caterpillar |
| Ballstát | An Bheilg |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[3]) | Prov. Hainaut (BE32) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 18 Nollaig 2017 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 18 Nollaig 2017 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 24 Nollaig 2017 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | 4 Feabhra 2018 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | 29 Aibreán 2018 |
| Critéar idirghabhála | Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le CED |
| An príomhfhiontar | Caterpillar – Solar Gosselies |
| An líon fiontar lena mbaineann | 1 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[4] | 28 (Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile ) |

---
1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
2 De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED.
3 Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

| | |
|---|---|
| An líon fochuideachtaí, soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha | 5[5] |
| An tréimhse thagartha (ceithre mhí): | 31 Bealtaine 2017 – 30 Meán Fómhair 2017 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 1 364 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*) | 921 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí | 2 287 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 2 287 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 2 287 |
| An líon daoine óga ar a bhfuiltear ag díriú nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint | 300 |
| An buiséad do sheirbhísí pearsantaithe (EUR) | 7 575 294 |
| An buiséad le haghaidh CED[6] a chur chun feidhme (EUR) | 127 400 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 7 702 694 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 4 621 616 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. Chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2017/010 BE/Caterpillar isteach an 18 Nollaig 2017, faoi cheann 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas ar an lá céanna, agus an 24 Nollaig 2017, d'iarr sé ar an mBeilg faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin faoi cheann sé seachtaine ó iarradh í. An spriocthréimhse 12 sheachtain ó fháil an iarratais chomhlánaithe ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh ag an iarratas, rachaidh sí in éag an 29 Aibreán 2018.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 2 287 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht in Caterpillar Solar Gosselies (Caterpillar) agus baineann sé le cúig cinn de sholáthraithe. Oibríonn Caterpillar san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 28 NACE Athbhreithniú 2 (Monarú innealra agus trealaimh). Na hiomarcaíochtaí a rinne na fiontair lena mbaineann, is i réigiún Hainaut (leibhéal 2 NUTS, BE32) atá siad.

---

4 IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

5 Chuir ceithre cinn de sholáthraithe oibrithe ar iomarcaíocht laistigh den tréimhse thagartha agus rinne ceann amháin díobh oibrithe a dhífhostú lasmuigh den tréimhse sin.

6 I gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

| Na fiontair agus an líon daoine a dífhostaíodh | |
|---|---|
| Caterpillar | 1 997 |
| Cediwal | 68 |
| Eutraco | 63 |
| Yusen | 125 |
| Attecam | 9 |
| MHP | 25 |
| **Líon iomlán na bhfiontar: 6** | **Líon iomlán daoine a dífhostaíodh: 2 287** |
| **Líon iomlán daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht:** | **0** |
| **Líon iomlán oibrithe incháilithe agus daoine féinfhostaithe:** | **2 287** |

*Critéir idirghabhála*

6. Chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar síos in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go ndéanfar 500 oibrí ar a laghad iomarcach le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad.

7. Maireann an tréimhse thagartha ceithre mhí don iarratas ón 31 Bealtaine 2017 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017.

8. Is iad seo a leanas na hiomarcaíochtaí a tháinig chun cinn le linn na tréimhse tagartha:

– 1 161 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht in Caterpillar

– 203 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht i gceithre cinn de sholáthraithe de chuid Caterpillar.

*Iomarcaíochtaí agus an deireadh le gníomhaíocht a ríomh*

9. Na 1 364 iomarcaíochtaí a bhí ann sa tréimhse thagartha, rinneadh iad a ríomh ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha nó ón dáta a chuaigh sé in éag.

*Tairbhithe incháilithe*

10. I dteannta na n-oibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana féin, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 923 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha ceithre mhí nó ina diaidh. Dá bhrí sin, is é 2 287 dhuine an líon iomlán tairbhithe incháilithe. Níl aon fhorluí ann idir na hoibrithe a dtugtar tacaíocht dóibh leis an gcás EGF/2014/011 BE/Caterpillar agus iad siúd atá san áireamh san iarratas atá ann faoi láthair.

**An nasc idir na hiomarcaíochtaí agus na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de bharr an domhandaithe**

11. Chun an nasc a bhunú idir na hiomarcaíochtaí agus na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de bharr an domhandaithe, tá an cás á dhéanamh ag an mBeilg gurb é an t-iomaíochas domhanda sna hearnálacha tógála agus innealra mianadóireachta is príomhchúis leis na laghduithe sa lucht saothair agus, mar gheall air sin, is cúis le sciar an mhargaidh innealra a bheith caillte ag Caterpillar[7].

[7] Ó 26% in 2003 go dtí 13% in 2013, Caterpillar, Teachtaireacht chuig an mBord Stiúrthóirí, an 28 Feabhra 2013.

12. Tháinig laghdú ar tháirgeacht na hearnála mianadóireachta san Eoraip ó EUR 234 mhilliún in 2012 go dtí EUR 180 milliún i 2015[8] agus tá easpórtálacha 28 mBallstát an Aontais ag titim go mór ó bhí 2014[9] ann.

13. De réir faisnéise a thug údaráis na Beilge, tá suíomhanna táirgeachta Caterpillar lonnaithe gar dá margaí, rud a mhíníonn an nasc idir na forbairtí margaidh Eorpacha agus domhanda agus an laghdú sa lucht saothair ag an suíomh in Gosselies. Go háirithe, an sciar de dhíolacháin Caterpillar a rinneadh san Áis, is beag nach ndearnadh é a dhúbailt idir 2003 agus 2013[10].

14. In 2008, tháinig ardú mór ar phraghas na cruaiche san Eoraip agus tháinig laghdú ar an bpraghas sa tSín, agus faoi láthair tá an praghas níos ísle go fóill ná an praghas san Eoraip[11]. Dá bhrí sin, tá sé 21 % níos costasaí inneall a tháirgeadh in Gosselies ná mar atá sé sa tSín[12].

*Eachtraí as ar tháinig na hiomarcaíochtaí agus an deireadh le gníomhaíocht*

15. Ba é an fógra ó Caterpillar Belgium S.A. an 2 Meán Fómhair 2016 an phríomheachtra as ar tháinig na hiomarcaíochtaí sin, fógra ina ndúradh go gcuirfí tús leis an nós imeachta maidir le hiomarcaíocht chomhchoiteann ag a mhonarcha tháirgeachta atá lonnaithe in Gosselies.

16. Cheana féin, is é sin an dara hiarratas ón mBeilg ar CED i ndáil le Caterpillar. In 2014, ba iad 1 399 oibrí ábhar an chéad iarratais ar CED a raibh baint ag iomarcaíochtaí leis san fhiontar. San áireamh sa togra atá ann faoi láthair, tá na 1 997 oibrí atá fágtha ar an suíomh.

17. In 2015, rinne Caterpillar infheistíocht i líne nua chóimeála chun borradh a chur faoina sheasamh sa mhargadh. Mar sin féin, ainneoin a rabhthas ag súil leis, ba an-mhall an fás a bhí ar an ngeilleagar san Eoraip agus níor théarnaigh cás eacnamaíoch an fhiontair mar a rabhthas ag súil leis.

18. I gcomparáid le monarchana eile, níl an tsaoráid in Gosselies sa Bheilg iomaíoch a thuilleadh. I ngeall air sin, tá a chuid gníomhaíochtaí táirgeachta á n-athlonnú ag Caterpillar go dtí tíortha atá ag teacht chun cinn san Áis agus i Meiriceá Laidineach le tamall, amhail an tSín agus an Chóiré Theas de bharr na margaí nua atá iontu atá ag fás go tapa agus de bharr costais ísle táirgeachta, agus sin nasctha le timpeallacht rialála nach bhfuil chomh sriantach céanna agus costais saothair níos ísle in aghaidh na huaire**.** Anois, tá a chuid gníomhaíochtaí ar fad á ndúnadh síos ag an gcuideachta sa Bheilg.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht*

19. Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú 6.1 % ar an ráta dífhostaíochta i réigiún Hainaut, de réir Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Vallúine (FOREM)[13].

20. Ba é dífhostú 288 n-oibrí as measc na soláthraithe an toradh a bhí ar dhúnadh mhonarcha Caterpillar.

---

8 Eurostat, Staidreamh fiontair mionsonraithe bliantúil maidir le tionscal (NACE Athbhreithniú 2, B-E).

9 Ó EUR 3.1 billiún in 2014 go dtí EUR 8 milliún in 2016, Eurostat
Eurostat: Cód DS016890

10 Ó 25% in 2003 go dtí 48% in 2013.

11 http://steelbenchmarker.com/files/history.pdf

12 Caterpillar, Teachtaireacht chuig an mBord Stiúrthóirí, an 28 Feabhra 2013.

13 Is ar líon na gcuardaitheoirí poist i Nollaig 2016 atá an ríomh sin bunaithe.

21. Tá breis agus 11 % de na hoibrithe a rabhthas ag díriú orthu os cionn 55 bliana d’aois.

22. Den chuid is mó, is oibrithe ar bheagán oiliúna iad na cuardaitheoirí poist in Charleroi (níl meánoideachas deiridh céime ar 50.6 % díobh) agus tá 40 % díobh dífhostaithe go fadtéarmach (ar feadh breis agus 24 mhí). Bhí an ráta dífhostaíochta in Charleroi chomh híseal le 52.2 %, beagnach 5 phointe céatadáin níos ísle ná an meánráta i Réigiún na Vallúine (57.1 %) (Foinse: FOREM)[14].

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

23. Táthar ag súil go nglacfaidh na 2 287 oibrí dhífhostaithe páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú ar na hoibrithe sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

| Catagóir | | An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | |
|---|---|---|---|
| Gnéas: | Fir: | 2 115 | (92.47 %) |
| | Mná: | 172 | (7.53 %) |
| Saoránacht: | saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh: | 2 233 | (97.64 %) |
| | saoránaigh nach saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh iad: | 54 | (2.36 %) |
| Aoisghrúpa: | 15-24 bliana: | 2 | (0.09 %) |
| | 25-29 bliana: | 70 | (3.06 %) |
| | 30-54 bliana: | 1 952 | (85.34 %) |
| | 55-64 bliana: | 263 | (11.51 %) |
| | os cionn 64 bliana: | 0 | (0.00 %) |

24. Ina theannta sin, déanfaidh an Bheilg seirbhísí pearsantaithe atá cómhaoinithe ag CED a sholáthar do suas le 300 duine óg faoi bhun 30 bliain d’aois nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint (NEETanna) ar dháta a chuirtear an t-iarratas isteach, ó tharla gur i réigiún Hainaut (leibhéal 2 NUTS, BE32) atá 1 364 de na hiomarcaíochtaí dá dtagraítear i mír 8 suite, réigiún atá incháilithe faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige.

25. Bunaítear in Airteagal 6(2) den Rialachán maidir le CED go bhféadfaidh na Ballstáit seirbhísí pearsanaithe atá cómhaoinithe ag CED a sholáthar do NEETanna freisin, go dtí an 31 Nollaig 2017. Sa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[15] (‘an rialachán omnibus’), áirítear leasú ar Airteagal 6(2) den

---

14 https://www.leforem.be/MungoBlobs/44/644/20180212_Chiffres_SeriesStatistiquesMde201801.pdf

15 http://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:a59b6beb-7a4f-11e6-b076-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF

Rialachán maidir le CED ionas go gcuirfear síneadh leis an maolú le haghaidh NEETanna. De réir sonraí a d'eisigh Eurostat an 17 Eanáir 2018, is é 33.3 % an ráta dífhostaíochta do dhaoine óga idir 15-24 bliain d'aois i réigiún Hainaut. Dá bhrí sin, tá an réigiún incháilithe go fóill faoi Airteagal 6(2)(b) den Rialachán maidir le CED. Beidh feidhm ag an leasú le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2018. Mar thoradh air sin, is féidir an cinneadh sin a ghlacadh, lena n-áirítear tacaíocht do NEETanna, chomh luath agus a dhéantar an rialachán omnibus a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

26. Dá bhrí sin, meastar gurb é 2 587 dhuine líon iomlán na n-oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta, lena n-áirítear NEETanna.

*Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe*

27. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha agus d'oibrithe NEET:

– Cúnamh i gcuardach poist ar bhonn duine aonair, bainistiú cáis agus seirbhísí faisnéise ginearálta. Ar na bearta sin tá cúnamh pearsanaithe i gcuardach poist, amhail comhairle agus treoir ghairme, chomh maith le seirbhísí faisnéise oscailte le haghaidh oibrithe agus NEETanna.

– Oiliúint agus athoiliúint. Tá gairmoiliúint agus oiliúint leantach dírithe ar oibrithe agus ar NEETanna san áireamh. Ceapadh na cúrsaí chun an tairiscint ar oiliúint a mheaitseáil le tosaíochtaí forbartha Charleroi a leagtar amach sa phlean CATCH[16].

– Fiontraíocht a chur chun cinn. Cuirfidh an beart seo córas tacaíochta d'fhiontraithe ar fáil do rannpháirtithe, córas ina mbeidh dlúthchomhar leis na húdaráis réigiúnacha agus a bheidh tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt don fhéinfhostaíocht.

– Ranníocaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta. Cuirfidh an beart seo deontais ar fáil chun féinfhostaíocht a chur chun cinn, gníomhaíocht ghnó a chruthú, gnó páirtaimseartha nó lánaimseartha a sheoladh agus a bhunú.

– Liúntais. Áirítear orthu sin: **1) liúntais oiliúna** chun costais a thabhaítear a chumhdach don chuardaitheoir poist nó do NEET, le linn a oiliúna; **2) liúntais soghluaiseachta** chun tacaíocht a thabhairt le gur féidir obair a fháil in áit nach mór taisteal níos faide ó bhaile chuige; **3) liúntais chun filleadh ar an oideachas** le gur féidir le daoine filleadh ar an gcóras oideachais, agus íocfar iad thar thréimhse nach faide ná 12 mhí agus sin ar choinníoll go dtabharfaidh iarrthóirí cruthúnas go bhfuil siad cláraithe ar chúrsa oideachais tríú leibhéil; **4) liúntais um chuardach poist** chun cuidiú le cuardaitheoirí agus le NEETanna araon íoc as na costais a thabhaítear chun freastal ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist; **5) liúntas fiontraíochta** chun na costais a thabhaíonn an cuardaitheoir poist agus é i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist ar choinníoll go gcuirfidh na hiarratsóirí tionscadal le haghaidh féinfhostú i láthair ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann.

28. Beidh gníomhaíochtaí den chineál céanna sna seirbhísí pearsanaithe atá le soláthar do NEETanna agus atá ann i dtaca le hoibrithe iomarcacha.

[16] *Plan CATCH, Accélérer la Croissance de l'Emploi dans la Région de Charleroi, Septembre 2017* http://www.catch-charleroi.be/

29. Na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha an mhargaidh saothair iad laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

30. Sholáthair an Bheilg an fhaisnéis a theastaíonn maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

31. Is é EUR 7 702 694 na costais mheasta iomlána, a chuimsíonn caiteachas EUR 7 575 294 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 127 400 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

32. Is é EUR 4 621 616 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

| Gníomhaíochtaí | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)* | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[17] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Bearta cóitseála agus bearta ullmhúcháin eile (*Ath-chomhshó: tionlacan/gairmthreorú/ionsá*) | 2 587 | 1 852 | 4 790 323 |
| Oiliúint agus athoiliúint. (*Formations spécifiques*) | 1 050 | 841 | 883 265 |
| Fiontraíocht a chur chun cinn (*Dispositif d'accompagnement à l'entreprenariat)* | 250 | 463 | 115 743 |
| Deontas le haghaidh gnólacht nuathionscanta (*Bourse de lancement*) | 75 | 10 000 | 750 000 |
| Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 6 539 331 (86,32 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Liúntais le haghaidh oiliúna, soghluaiseachta, filleadh ar oideachas, cuardach poist agus fiontraíochta *(formation, prime à l'emploi distant, reprise d'étude, recherche d'emploi et création* | 2 587 | 400 | 1 035 963 |

[17] Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *d'activité)* | | | |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 1 035 963<br>(13.68 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 82 000 |
| 2. Bainistíocht | – | | 10 400 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 5 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 30 000 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 127 400<br>(1.65 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 7 702 694 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána) | – | | 4 621 616 |

33. Costais na ngníomhaíochtaí atá sainaitheanta sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Bheilg go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

34. Dheimhnigh an Bheilg nach sáródh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe EUR 15 000 in aghaidh an tairbhithe.

*Tréimhse incháilitheachta caiteachais*

35. An 22 Deireadh Fómhair 2016, chuir an Bheilg tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar na gníomhaíochtaí incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 22 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 18 Nollaig 2019.

36. An 5 Meán Fómhair 2016, thosaigh an Bheilg ag tabhú an chaiteachais riaracháin ba ghá a chaitheamh chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 5 Meán Fómhair 2016 go dtí an 18 Meitheamh 2020.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta nó le cistí an Aontais*

37. Is iad Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Vallúine (FOREM) agus Réigiún na Vallúine na foinsí as a gcuirfear réamh-mhaoiniú náisiúnta nó comhchistiú náisiúnta ar fáil.

38. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Bheilg nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta le haghaidh dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

39. Thug an Bheilg le fios gur tarraingíodh suas pacáiste comhordaithe na seirbhísí pearsanaithe i gcomhairle le grúpa oibre, grúpa ina raibh Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Vallúine, SOGEPA[18], ionadaithe na gcomharchumann agus rannpháirtithe sóisialta eile.

*Córais bhainistíochta agus rialaithe*

40. Chuir an Bheilg in iúl don Choimisiún go ndéanfadh na comhlachtaí céanna atá freagrach as Ciste Sóisialta na hEorpa an ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú agus a rialú.

*Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann*

41. Thug an Bheilg na dearbhuithe go léir a theastaíonn maidir leis na nithe seo:

- cloítear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir leis an rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,
- comhlíonadh na ceanglais atá leagtha síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,
- na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean lena ngníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, tá a gcuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhlíonta acu agus riar siad dá gcuid oibrithe dá réir,
- ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais as cistí eile nó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,
- beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,
- cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

*Togra buiséadach*

42. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020[19].

43. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún CED a shlógadh le haghaidh

---

18 Is ciste infheistíochta é Sogepa a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta agus a thionlacann tionscnaimh eagrúcháin gnó bunaithe ar thionscnaimh eacnamaíocha agus tionsclaíocha atá inchreidte agus inbhuanaithe.

19 IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.

EUR 4 621 616, suim arb ionann í agus 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

44. Is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe CED a shlógadh, mar a leagtar síos i bpointe 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[20].

*Gníomhartha gaolmhara*

45. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR4 621 616 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

46. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe CED a shlógadh.

---

20 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2017/010 BE/Caterpillar**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[21], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[22], agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é an aidhm atá leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013[23] ón gComhairle.

(3) An 18 Nollaig 2017, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí in Caterpillar agus i gcúig cinn de sholáthraithe agus i ndáil le scor na ngníomhaíochtaí (dá ngairtear 'iomarcaíochtaí' anseo feasta). Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, chinn an Bheilg seirbhísí pearsanaithe a sholáthar do 300 duine óg nach bhfuil fostaithe, in oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna), seirbhísí a bheidh cómhaoinithe ag CED.

---

21 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

22 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

23 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 4 621 616 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(6) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógfar chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh sin ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear úsáid as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun méid EUR 4 621 616 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasaí íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Beidh feidhm aige ón [*the date of its adoption*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*